# BUNREACHT CLUB / CUMAINN OLLSCOIL MHÁ NUAD

# Ollscoil Mhá Nuad

______________________________

# Bunreacht Club/Cumainn

**An Dáta a Ritheadh: _____10__ / ______09____ / ______2025__**

## 1. Ainm an Chlub/an Chumainn:

**1.** Is éard a bheidh in ainm an Chlub/an Chumainn ná Club/Cumann

Cuallacht Cholmcille OÉ Má Nuad, OLLSCOIL MHÁ NUAD, dá dtagrófar feasta mar 'an Club/ an Cumann'.

## 2. Aidhmeanna agus Cuspóirí:

Beidh an méid seo a leanas i gceist le haidhmeanna agus cuspóirí an Chlub/an Chumainn:

**2.1** Is é príomhaidhm Cuallacht Cholmcille ná an Ghaeilge a chur chun cinn ar champas.

**2.2** Tá Cuallacht Cholm Cille páirteach i ngluaisteacht na Gaeilge i gcoitinne.

**2.3** Freastalaíonn Cuallacht Cholm Cille ar Ghaeilgeoirí na hOllscoile agus ar phobal Mhá Nuad trí ócáidí agus cruinnithe a eagrú agus a reachtáil go rialta

**2.4** Tá cúrsaí na Cuallachta (imeachtaí, cruinnuithe, teagmháil, srl) a bheith trí mhéan na Gaeilge.

**2.5** Feidhmíonn an Cumann faoi choimirce Aontas na Mac Léinn Mhá Nuad agus is craobh de Chonradh na Gaeilge é.

## 3. **Ballraíocht:**

**3.1** Beidh ballraíocht iomlán an Chlub/an Chumainn ar oscailt do gach mac léinn cláraithe Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (OLLSCOIL MHÁ NUAD/OMN); Ollscoil Phontaifiúil Phádraig, Maigh Nuad (OPPMN) tar éis táille shuibscríbhinne a íoc a shocraigh Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe an Chlub/an Chumainn agus i gcomhréir leis na treoirlínte a leag Coiste na gClubanna/na gCumann amach. Mar a thugtar le fios - Acmhainní Coiste - Clubanna agus Cumainn MU Life

**3.2** Beidh baill iomlána an Chlub/an Chumainn:

- i) I dteideal freastal ar agus labhairt ag gach cruinniú ginearálta an Chlub/an Chumainn
- ii) Incháilithe lena dtoghadh le Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe an Chlub/an Chumainn

**3.3** Aithníonn an Club/an Cumann an tábhacht a d'fhéadfadh baint le foireann agus céimithe OMN agus OPPMN ó thaobh Club/Cumann a fhorbairt agus an rath a bhíonn orthu san fhadtéarma. Déanfaidh sé dícheall, ar an ábhar sin, leanúint le teagmháil a dhéanamh leis na hiarbhaill siúd ar mian leo leanúint le ceangal a bheith acu leis an gClub/an gCumann.

**3.4** Beidh an chumhacht ag an gCoiste Feidhmiúcháin Rialaithe, chuige sin, aicme 'Ball Comhlach' den Chlub/Chumann a chruthú.

**3.5** Beidh Ballraíocht Chomhlach ar oscailt d'fhoireann agus do alumni uile OMN agus OPPMN tar éis táille shuibscríbhinne a íoc a shocraigh Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe an Chlub/an Chumainn agus i gcomhréir le Coiste na gClubanna agus na gCumann san Ollscoil. Ní bheidh an táille ar bhallraíocht chomhlach níos lú ná an ghnáth-tháille bhallraíochta agus ní bheidh sí níos mó ná 10 n-uaire na gnáth-tháille ballraíochta.

**3.6** Beidh Baill Chomhlacha i dteideal freastal ar agus labhairt ag gach cruinniú ginearálta an Chlub/an Chumainn. Déanfaidh an Bord Rialaithe Náisiúnta ábhartha cinneadh faoi cháilitheacht Alumni dul san iomaíocht thar ceann OMN/OPPMN.

**3.7** Ní bheidh cearta vótála ag Baill Chomhlacha agus níl siad incháilithe lena dtoghadh le Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe an Chlub/an Chumainn.

**3.8** Déanfaidh Coiste na gClubanna agus na gCumann in Ollscoil Mhá Nuad cinneadh faoi gach ceart eile a bhíonn ag Baill Chomhlacha.

**3.9** Ní sháróidh cearta Baill Chomhlaigh cearta siúd ghnáthbhall an Chlub/an Chumainn.

**3.10** Beidh gach ball faoi cheangal ag an mbunreacht agus ag na cáipéisí treorach seo (acmhainní ar MU LIFE) agus ag Coiste na gClubanna agus na gCumann in Ollscoil Mhá Nuad.

## 4. <u>Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe</u>

**4.1** Beidh Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe (dá dtagrófar anseo feasta mar 'an Coiste') ag an gClub/an gCumann a thoghfaidh an bhallraíocht gach bliain.

**4.2** Déanfaidh an coiste gníomhaíochtaí leanúnacha an Chlub/an Chumainn a chur ar bun agus a stiúradh thar ceann a bhall agus i gcomhréir leis na haidhmeanna agus na cuspóirí.

**4.3** Cé gur cheart cinntí a dhéanamh ar aon dul le comhdhearcadh an choiste (sa chás gur féidir), déanfar cinneadh faoi chinntí an choiste trí vótáil tromlaigh.

**4.4** Dhá thrian de bhaill an choiste a bheidh sa chóram le haghaidh cruinnithe coiste.

**4.5** Is éard a bheidh sa Choiste:

i) Cathaoirleach
ii) Leas-Chathaoirleach
iii) Rúnaí
iv) Cisteoir
v) Oifigeach Caidrimh Phoiblí

vi) Roinnt Baill eile, m.sh. Rúnaí Cúnta, Cisteoir Cúnta, Oifigeach Trealaimh, Gnáthbhaill den Choiste, etc. Ina measc; Oifigeach Drámaíochta, Oifigeach Comhthionscadal, Leas- Oifigeach Caidreamh Poiblí, Oifigeach Spóirt, Ionadaí na Scéime, Ionadaí 1ú, 2ú, 3ú/4ú bliain, Ionadaí Iarchéime, Ionadaí Froebel.

**4.6** Líonfar poist chúntóra trí chomhthoghadh ag an gcoiste nuair is gá.

**4.7** Is féidir fochoistí a chomhthoghadh nuair is gá agus faoi lánrogha an choiste.

**4.8** Bliain amháin a bheidh i dTéarma Oifige na n-oifigeach tofa seo ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh an bhliain dar gcionn.

**4.9** Ní bheidh an oifig chéanna ag duine ar feadh níos faide ná 2 bhliain i ndiaidh a chéile.

## 5. <u>An Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe a Thoghadh</u>

**5.1** Toghfar baill an choiste go daonlathach ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil (AGM) nó ag Cruinniú Ginearálta Urghnách (EGM) an Chlub/an Chumainn.

**5.2** Ba cheart AGM agus toghcháin choiste Club/Cumainn a chur ar siúl, nuair is féidir, roimh dheireadh sheimeastar 2 i mbliain acadúil ar leith i gcomhréir le rialacha Choiste na gClubanna agus na gCumann.

**5.3** Caithfidh gach iarrthóir 2 ainmniúchán a bheith acu ag baill reatha an Chlub/an Chumainn lena lorg go dtoghfar iad leis an gcoiste.

## 6. <u>Dualgais Choiste Feidhmiúcháin Rialaithe</u>

**6.1.1** Beidh an Cathaoirleach ina p(h)ríomhoifigeach den Chlub/Chumann a áireofar lena f(h)eidhmeanna cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe uile an choiste agus a bheith i bhfeighil ag cruinnithe an Chlub/an Chumainn.

**6.1.2** Beidh gnáthvóta ag Cathaoirleach aon chruinnithe ag cruinnithe coiste agus ag cruinnithe an Chlub/an Chumainn. I gcás comhionannas vótaí ar aon cheist, beidh an vóta réitigh aige/aici.

**6.2.1** Cabhróidh an Leas-Chathaoirleach leis an gCathaoirleach i ngach ceann dá ndualgais.

**6.2.2** Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach dualgais an Chathaoirligh (murach go n-ordaítear a mhalairt ag cruinniú ginearálta an Chlub/an Chumainn) sa chás go bhfuil an Cathaoirleach as láthair nó nach féidir leo a ndualgais a fheidhmiú.

**6.3.1** Is éard a bheidh i bhfeidhm an Rúnaí déileáil le comhfhreagras agus taifid uile an Chlub/an Chumainn.

**6.3.2** Coimeádann an Rúnaí miontuairiscí ar gach cruinniú coiste, ar gach cruinniú ginearálta, ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil nó ar aon chruinnithe eile a bhaineann le gnó an Chlub/an Chumainn nuair a iarrann an coiste.

**6.3.3** Is féidir leis an Rúnaí taifead a choimeád ar údarú ar chaiteachas.

**6.3.4** Tabharfaidh an Rúnaí fógra do bhaill uile an Chlub/an Chumainn faoi chruinnithe, imeachtaí agus feidhmeanna.

**6.3.5** Cabhróidh an Rúnaí leis an Oifigeach Caidrimh Phoiblí chun imeachtaí tiomsaithe cistí agus urraíocht a eagrú, nuair is gá.

**6.4.1** Is éard a bheidh i bhfeidhm an Chisteora cistí an Chlub/an Chumainn a riar agus cuntais agus buiséid a choimeád.

**6.4.2** Beidh an Cisteoir freagrach as cuntais a choimeád faoi réir chinntí an choiste i gcomhlíonadh na rialachán a leagann Coiste na gClubanna agus na gCumann síos.

**6.4.3** Coimeádfaidh an Cisteoir taifid iomlána ioncaim agus chaiteachais an Chlub/an Chumainn. Coimeádfaidh an Cisteoir chomh maith taifead ar cé a d'údaraigh caiteachas éagsúil agus cé a eiseoidh admhálacha.

**6.4.4** Síneoidh an Cisteoir gach seic agus foirm aistarraingtí ó chuntas bainc an Chlub/an Chumainn.

**6.4.5** Nuair a fhoraithnítear nach bhfuil an Cisteoir ar fáil, is féidir le duine eile ainmnithe seiceanna agus foirmeacha aistarraingthe a shíniú don Chlub/Chumann tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Caipitíochta.

**6.5.1** Beidh an tOifigeach Trealaimh freagrach as sócmhainní seasta agus reatha an Chlub/an Chumainn i gcomhlíonadh na rialachán a leagann an Coiste Caipitíochta síos.

**6.5.2** Coimeádfaidh an tOifigeach Trealaimh taifead ar gach sócmhainn sheasta agus reatha ar leis an gClub/gCumann iad agus tuairisceoidh sé/sí liosta fardail don choiste ag tús agus ag deireadh na bliana acadúla.

**6.6.1** Beidh an tOifigeach Caidrimh Phoiblí (anuas ar an Rúnaí) freagrach as fógraíocht a dhéanamh ar gach feidhm an Chlub/an Chumainn trí gach bealach is féidir.

**6.6.2** Déileálfaidh an tOifigeach Caidrimh Phoiblí (anuas ar an Rúnaí) le comhfhreagras seachtrach agus coimeádfaidh siad taifid ar na

ranníocaíochtaí a thug comhlachtaí seachtracha don Chlub/Chumann agus tabharfaidh sé/sí fógra do gach ball faoi na ranníocaíochtaí seo.

## 7. Scor agus Éirí As Ball de Choiste

**7.1** Ní dhéanfar aon bhall den choiste a bhriseadh as oifig seachas sna cásanna seo a leanas:

i) Faightear fógra scríofa ar rún ina lorgaítear an briseadh sin as oifig, atá sínithe ag 10% de bhaill an Chlub/an Chumainn 4 lá oibre roimh chruinniú ginearálta ag a ndéanfar plé ar an rún sin.

ii) Is féidir le dhá thrian den Choiste Feidhmiúcháin Rialaithe gairm ar chruinniú chun briseadh ball eile coiste as a (h)oifig a phlé.

**7.2** Rithfidh vótáil tromlaigh shimplí rún chun ball coiste a bhriseadh as a (h)oifig ag an gcruinniú ábhartha agus le córam.

**7.3** Caithfidh ball coiste ar mian leo éirí as a (h)oifig litir a sheoladh i scríbhinn chuig an Rúnaí ina ndearbhaítear go bhfuil sé ar intinn aige/aici éirí as, agus cuirfidh an Rúnaí an coiste ina iomláine ar an eolas láithreach air sin. Leagfar freagrachtaí an duine sin ar bha(i)ll eile choiste go dtí gur féidir fothoghchán a chur ar siúl le duine nua atoghadh leis an bpost.

## 8. Cruinnithe

**8.1** Tionólfar Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) gach bliain.

**8.2** Tionólfar an Cruinniú Ginearálta Bliantúil tráth nach déanaí ná i mí dheireanach na bliana acadúla ina dtoghfar príomhbhaill an choiste (sa chás gur féidir).

**8.3** Titfidh toghcháin d'oifigí an Choiste Feidhmiúcháin Rialaithe amach ag an gcruinniú seo.

**8.4** 3 bhall den Choiste Feidhmiúcháin Rialaithe agus 10% den ghnáthbhallraíocht a bheidh i gcóram an chruinnithe.

**8.5** Áireofar le gnó an CGB Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe ábhartha a thoghadh, anuas ar aon tuarascálacha bliantúla nó cáipéisí aistrithe ón gCoiste Feidhmiúcháin Rialaithe atá ag dul as oifig (ba cheart tuairisc an Chisteora ar airgeadas an Chlub/an Chumainn a bheith san áireamh leis seo).

**8.6** Tionólfar Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGE) sna cásanna seo a leanas:

i) Iarrann 10% de ghnáthchomhaltaí an Chlub/an Chumainn ar an gcruinniú siúd i scríbhinn.
ii) Iarrann córam an Choiste Feidhmiúcháin Rialaithe ar an gcruinniú sin i scríbhinn.
iii) Tagann folúntas aníos ar an gcoiste reatha agus is gá ionadaí a thoghadh.

**8.7** Titfidh toghcháin d'oifigí an Choiste Feidhmiúcháin Rialaithe amach ag an CGB nó ag an CGE (nuair is cuí).

**8.8** Tabharfar fógra faoi gach cruinniú don bhallraíocht ar a laghad 5 lá oibre roimh dháta an chruinnithe.

**8.9** Is féidir le ball rún a bheartú ag cruinniú a bhaineann le gnó an Chlub/an Chumainn. Caithfear vóta ar son an rúin trí chomhaireamh lámh agus trí dhearbhú ón Uachtarán gur glacadh leis an rún (murach go n-éilíonn aon 5 bhall ballóid rúnda) agus beidh sé sin ina fhianaise dhochloíte gur ritheadh an rún nó gur theip air.

**8.10** Sa chás go gcuirtear in aghaidh rún an Uachtaráin (8.9), déanfar na vótaí a chomhaireamh arís agus ceapfaidh an coiste líon cuí daoine dó sin mar 'áiritheoirí' chun na vótaí a chomhaireamh. Fógróidh an tUachtarán nó an Leas-Uachtarán an toradh (nuair a iarrtar air sin sa chruinniú ginearálta).

**8.11** Ní féidir le haon rún beartas Ollscoil Mhá Nuad ná beartas Choiste na gClubanna agus na gCumann a shárú.

## 9. Ginearálta

**9.1** Beidh Uachtarán Oinigh an Chlub/an Chumainn ann a bheidh ina b(h)all foirne i gcomhlíonadh na rialachán a leagann Coiste na gClubanna agus na gCumann síos. Bliain acadúil amháin a bheidh i dtéarma oifige an Uachtaráin Oinigh. Beidh Uachtaráin Oinigh i dteideal freastal ar agus labhairt ag gach cruinniú ginearálta an Chlub/an Chumainn. Ní bheidh cearta vótála ag an Uachtarán Oinigh agus níl siad incháilithe lena dtoghadh le Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe an Chlub/an Chumainn. Ní sháróidh cearta Uachtaráin Oinigh cearta siúd ghnáthbhall an Chlub/an Chumainn.

**9.2** Beidh an táille bhallraíochta don Chlub/Chumann i gcomhlíonadh na gcoinníollacha a leagann Coiste na gClubanna agus na gCumann síos.

**9.3** Beidh gach ball an Chlub/an Chumainn i dteideal cóip a fháil den Bhunreacht seo, ar éileamh, saor in aisce.

**9.4** I gcás go dtagtar salach ar rialacha agus rialacháin Choiste na gClubanna agus na gCumann, tabharfar forlámhas do rialacha agus rialacháin Choiste na gClubanna agus na gCumann seachas don bhunreacht seo agus tá sé seo faoi réir Bheartas Choiste na gClubanna agus na gCumann ag gach tráth.

**9.5** Nuair a ghlactar ballraíocht den Chlub/Chumann, aontaíonn baill a bheith faoi cheangal ag rialacha agus rialacháin an Chlub/an Chumainn, mar a leagtar amach

sa bhunreacht seo agus mar a leagann an Coiste Feidhmiúcháin Rialaithe amach. Beidh baill a sháraíonn na rialacha agus rialacháin seo freagrach don choiste agus is féidir a mballraíocht a chúlghairm agus d'fhéadfadh nach n-aisíocfar leo airgead atá ag dul dóibh, i gcás sáruithe seasmhacha nó sáruithe an-tromchúiseacha, faoi mar a mheasann tromlach an choiste. Sa chás nach féidir leis an gcoiste díospóid a réiteach le ba(i)ll, tabharfaidh Coiste na gClubanna agus na gCumann breithiúnas ar an gceist agus beidh a chinneadh críochnaitheach.

## 10. <u>Leasuithe ar an mBunreacht seo</u>

**10.1** Is gá do Choiste na gClubanna agus na gCumann gach leasú ar an mbunreacht seo a cheadú sula gcuirfear baill ar an eolas orthu. Tabharfar fógra go mbeartaítear leasú ar an mBunreacht seo a lorg do na baill ar a laghad 4 lá oibre roimh an gcruinniú ag a ndéanfar breithniú ar mholadh den saghas sin.

**10.2** Caithfidh dhá thrian (2/3) de na baill atá i láthair a bheith ar son moladh chun an Bunreacht seo a leasú agus caithfidh siad a bheith i dteideal vóta a chaitheamh ag an gcruinniú ábhartha.